

## Cé nua ar an mBlascaod Mór

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlean cé nua a thógáil ar an mBlascaod Mór. Féach ar an mír anois **gan aon fhuaim**. Suigh siar, bain sult as na híomhánna agus ansin freagair na ceistanna thíos leis a duine in aice leat.



1. Cad a mhothaíonn tú agus tú ag féachaint ar na radhairc den Bhascaod Mór? Cén fáth?
2. Cad a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú na daoine ar an mbáidín beag?
3. Cén fáth a bhfuiltear ag iarraidh cé nua a thógáil ar an oileán, dar leat?
4. Cén fáth a bhfuil daoine áirithe in éadan an tionscadail, dar leat?

### Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo a leanas a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte, féachaigí san fhoclóir.

as a matter of urgency  
foundation  
urgent need  
wildlife  
mainland  
planning dispute  
abandoned, empty  
gear  
Special Protection Area  
damage  
Office of Public Works  
political will

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart gaibh.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Conas atá an scéal difriúil leis na smaointe a bhí agat féin faoi sular fhéach tú ar an mír?
2. Cad a bhí le rá ag Pádraig Firtéir, Donncha Ó Céilleachair agus Greg Ó Cathasaigh faoin ábhar?

**Ceist 4** ‘... ó dheas...’

ó dheas ó thuaidh aneas aduidh siar thiar aniar soir thoir anoir
---

Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath. Bain úsáid as na focail sa bhosca thuas chun na habairtí seo a leanas a aistriú go Gaeilge. Caithfidh tú focal amháin, ar a laghad, ón mbosca a úsáid i ngach abairt.

1. I'm going south to Cork tomorrow.
2. My friend is coming from Conamara next week.
3. When I was in Conamara I went north to Sligo for a day.
4. I'll be going to Galway at the weekend.
5. My mother came from Belfast to visit.
6. There is a southerly wind today.
7. A northwest wind is usually cold.

**Ceist 5** ‘... lucht timpeallachta...’ agus ‘...lucht feachtais...’

1. Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

*lucht*  
*pobal*  
*muintir*

2. Cén fáth a bhfuil **a** ar an bhfocal *timpeallacht* agus **i** san fhocal *feachtas*?

**Ceist 6** Díospóireacht ranga:

Ba cheart cé nua a thógáil ar an mBlascaod Mór.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Cuir an mhír ar siúl uair amháin gan aon fhuaim. Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna ansin i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinnfear an tuairisc.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

as a matter of urgency	<i>ar bhonn práinne</i>
foundation	<i>fondúireacht</i>
urgent need	<i>géarghá</i>
wildlife	<i>fiadhúlra</i>
mainland	<i>míntír</i>
planning dispute	<i>aighneas pleanála</i>
abandoned, empty	<i>bánaithe</i>
gear	<i>fearas</i>
Special Protection Area	<i>Limistéar Faoi Chosaint Speisialta</i>
damage	<i>díobháil, damáiste</i>
Office of Public Works	<i>Oifig na nOibreacha Poiblí</i>
political will	<i>toil pholaitiúil</i>

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Tabhair faoi deara go bhfuil sé i bhfad níos nádúrtha *north, south* agus mar sin de a úsáid sa chaint i nGaeilge ná mar atá i mBéarla.

1. I'm going (south) to Cork tomorrow.  
*Beidh mé ag dul ó dheas go Corcaigh amárach.*
2. My friend is coming from Conamara next week.  
*Beidh mo chara ag teacht aniar as Conamara an tseachtain seo chugainn.*
3. When I was in Conamara I went north to Sligo for a day.  
*Nuair a bhí mé i gConamara, chuaigh mé ó thuaidh go Sligeach ar feadh lá amháin.*
4. I'll be going to Galway at the weekend.  
*Beidh mé ag dul siar go Gaillimh ag an deireadh seachtaine.*
5. My mother came from Belfast to visit.  
*Tháinig mo mháthair aduaidh as Béal Feirste ar cuairt.*
6. There is a southerly wind today.  
*Tá gaoth aneas ann inniu.*
7. A northwest wind is usually cold.  
*Is minic a bhíonn an ghaoth aniar aduaidh fuar go leor.*

### Ceist 5

Lucht: people, category of people  
Pobal: congregation, people, community  
Muintir: people, community, family

Tá an dá fhocal sa tuiséal ginideach, uatha. Is focal baininsneach é *timpeallacht* agus cuirtear a ag deireadh an fhocail. Is focal firinsneach é *feachtas* agus mar sin caolaítear é le *i* ag an deireadh.

**Ceist 6**

Roinn an rang ina dhá ghrúpa agus abair leo go mbeidh leath an ranga i bhfabhar an rúin agus an leath eile i gcoinne an rúin. Tabhair tamall do gach grúpa (nó grúpaí) a gcuid argóintí a ullmhú sula gcuirfear tús leis an díospóireacht.

### Eimear Ní Chonaola

Ó dheas anois agus tá éileamh déanta ar an Rialtas go dtógfaí cé nua ar an mBlascaod Mór ar bhonn práinne. Deir Fondúireacht an Bhlascaoid go bhfuil géarghá le cé nua ar an oileán le sábháilteacht a gcuairteoirí a chinntiú, ach deir lucht timpeallachta go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag an bhforbairt ar chúrsaí fiadhúlra ar an oileán.

### Seán Mac an tSíthigh

Tugann breis agus 10,000 duine turas ar an mBlascaod Mór gach aon bhliain, ach ní thagann sé bog orthu. Caitear paisinéirí a aistriú ó na báid farantóireachta agus iad a chur i dtír i ndingís beaga de bharr éadoimhneas<sup>1</sup> an uisce le cois an ché<sup>2</sup> istigh.

In 2002, bhí €8.5 milliún luaite le cé nua anseo, mar aon le feabhas a chur ar ché Dhún Chaoin ar an míntír, ach ar chúiseanna éagsúla, aighneas pleanála san áireamh, fágadh an togra sin i dtraipisí.

Ach anois tá caint ar ché nua don mBlascaod<sup>3</sup> sa treis arís.

### Pádraig Firtéir, Cathaoirleach, Fondúireacht an Bhlascaoid

Is dóigh liom go bhfuil sé thar a bheith práinneach mar, abair ceantar Chorca Dhuibhne, is ceantar é atá ag brath go mór ar chúrsaí turasoireachta. Tá géarghá leis chun cabhrú leis na báid farantóireachta, chun cabhrú leis an dream atá ag iarraidh cuairt a thabhairt ar an mBlascaod agus é a dhéanamh níos fusa agus níos sábháilte dóibh.

### Seán Mac an tSíthigh

Deir úinéirí tí san oileán agus iad siúd a bhíonn ag plé le caoirigh ann go bhfuil géarghá le cé nua.

### Donncha Ó Céilleachair, Úinéir tí agus feirmeoir caorach

Ní gá anois cé mór millteach nó aon rud mar sin, níl éinne<sup>4</sup> ag caint ar *superliners* a bheith ag tarraingt isteach ar a leithéid d'áit agus an áit a bheith bánaithe. Ní hé Oileán Árann atá i gceist anois anseo. Ach, é a bheith sábháilte go háirithe le tarraingt isteach i ngach aon saghas aimsire agus go bhféadfá fearas a chur i dtír ann go sábháilte agus é a thabhairt in airde ar do shuaimhneas.

### Seán Mac an tSíthigh

Ach Limistéar Faoi Chosaint Speisialta an t-oileán agus na farraigí ina thimpeall agus tá imní ar lucht timpeallachta faoin ndíobháil a dhéanfaidh an obair thógála, mar aon leis an ndlús breise cuairteoirí a leanfaidh a leithéid d'fhorbairt.

### Greg Ó Cathasaigh, An Taisce

Beidh i bhfad níos mó daoine ar an oileán agus déanfaidh sin roinnt mhaith damáiste do na héin, do, cineál, na hainmhithe go léir. Má bhíonn, sórt, *adverse impacts* (éifeachtaí díobhálacha), sin mar atá i gceist. Má tá *adverse impacts* ann, ní féidir dul ar aghaidh leis.

---

<sup>1</sup> leagan canúnach den fhocal 'éadoimhneacht'

<sup>2</sup> Is leagan firinsneach canúnach den fhocal 'cé' é seo; is focal baininsneach 'cé' sa Chaighdeán.

<sup>3</sup> Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

<sup>4</sup> leagan canúnach de 'aon duine'

**Seán Mac an tSíthigh**

Deir an tAire Stáit d'Oifig na nOibreacha Poiblí, Patrick O'Donovan, go dtabharfadh sé féin turas ar an mBlascaod san Aibreán chun an cé a scrúdú. Nach mór trí fichid bliain ó tréigeadh an t-oileán, lucht feachtais dóchasach go bhfuil toil pholaitiúil á múscailt athuair.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne.